V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10822 – ARDIAN / TA ASSOCIATES / ODEALIM GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 319/06)

1. An 05 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ardian France SA ("Ardian", an Fhrainc),

— TA Associates Management L.P. ("TA Associates", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Groupe Odealim ("Odealim", an Fhrainc), atá á rialú go heisiach ag TA Associates.

Gheobhaidh Ardian agus TA Associates rialú comhpháirteach ar Odealim de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phríobháideach infheistíochta í Ardian a bhainistíonn sócmhainní san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Áise agus/nó a thugann comhairle ina leith,

— Is cuideachta infheistíochta í TA Associates a bhainistíonn cistí infheistíochta i gcúig phríomhearnáil, eadhon, teicneolaíocht, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, earraí tomhaltais agus seirbhísí gnó i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise agus/nó a thugann comhairle do chistí infheistíochta sna hearnálacha sin.

— Níl Odealim gníomhach sa Fhrainc ach amháin i mbróicéireacht árachais agus i maoiniú san earnáil eastáit réadaigh agus tógála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10822 – ARDIAN / TA ASSOCIATES / ODEALIM GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË